Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Feabhra 2023**
**(OR. en)**

**5220/23**

**COHOM 8**
**COPS 11**
**CONUN 6**
**COASI 1**
**MAMA 7**
**COEST 11**
**COAFR 5**
**DEVGEN 5**
**CFSP/PESC 31**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 20 Feabhra 2023 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle i ndáil le Tosaíochtaí an Aontais Eorpaigh i bhFóraim na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Duine in 2023 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na Conclúidí ón gComhairle i ndáil le Tosaíochtaí an Aontais Eorpaigh i bhFóraim na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Duine in 2023, a d'fhormheas an Chomhairle ag an 3932ú cruinniú dá cuid a bhí ar siúl an 20 Feabhra 2023.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle i ndáil le Tosaíochtaí an Aontais Eorpaigh i bhFóraim na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Duine in 2023**

1. In 2023 a bheidh **comóradh 75 bliana Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine**. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta go haonchiallach cearta uile an duine a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh agus a n-uilíocht a chosaint. Seasann an tAontas le chéile agus é ag tacú go diongbháilte le córas na Náisiún Aontaithe um chearta an duine, agus leanfaidh sé de chearta uile an duine a chaomhnú, a chosaint agus a chur chun cinn mar thosaíocht dá ghníomhaíocht sheachtrach. Molann an tAontas go mbeadh na Náisiúin Aontaithe láidir, éifeachtúil agus in ann dúshláin an 21ú haois a fhreagairt, tacaíonn sé leis an tuarascáil *Our Common Agenda* [Ár gComhchláir Oibre] agus iarrann sé go ndéanfaí córas na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine a mhaoiniú go leordhóthanach. De mheon Dhearbhú agus Chlár Gníomhaíochta Vín a glacadh 30 bliain ó shin, athdhearbhaíonn an tAontas gur cearta **uilíocha, dodhealaithe, idirspleácha agus idirghaolmhara** iad cearta an duine, bídís sibhialta, cultúrtha, eacnamaíoch, polaitiúil nó sóisialta. Leanann an tAontas de bheith ag iarraidh go ndéanfaí an Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla agus an Cúnant Idirnáisiúnta maidir le Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha agus coinbhinsiúin eile maidir le cearta an duine a dhaingniú agus a chur chun feidhme go forleathan.

2. Is díol sásaimh don Aontas é gur ceapadh **Ard-Choimisinéir nua na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine**, tacaíonn sé go daingean lena shainordú, agus iarrann sé ar gach stát a neamhspleáchas a urramú agus comhoibriú go hiomlán leis an Ard-Choimisinéir agus lena Oifig agus maoiniú leordhóthanach á áirithiú ag an am céanna. Cuireann an tAontas i dtreis a thábhachtaí atá an obair a dhéanann Oifig an Ard-Choimisinéara ar an talamh chun cabhrú le stáit a gcreat náisiúnta um chearta an duine a neartú. Iarrann an tAontas ar gach stát páirt iomlán a ghlacadh sa chóras um chearta an duine, lena n-áirítear an Chomhairle um Chearta an Duine agus na sealbhóirí sainordaithe nósanna imeachta speisialta agus sealbhóirí sainordaithe eile, idir théamach agus tírshonrach, na Comhlachtaí Conartha agus an tAthbhreithniú Tréimhsiúil Uilechoiteann.

3. Leanfaidh an tAontas **den chomhar le réigiúin uile an domhain,** den rannpháirtíocht de mheon macánta chun staid chearta an duine a fheabhsú, sáruithe agus treascairtí ar chearta an duine a chosc agus deireadh a chur leo, agus na daoine atá freagrach a thabhairt chun cuntais. Geallann an tAontas go n-oibreoidh sé le comhaltaí uile na Náisiún Aontaithe chun a chur i dtreis gur gné ríthábhachtach de shochaithe athléimneacha, cuimsitheacha agus daonlathacha í urraim do chearta an duine. Lena linn sin, tá sé d'aidhm ag an Aontas a áirithiú go ndéanfaidh fóraim na Náisiún Aontaithe um chearta an duine clár oibre cuimsitheach téamach a shaothrú agus go leanfaidh siad d'aghaidh a thabhairt ar na sáruithe agus na treascairtí is tromchúisí ar chearta an duine, cibé áit a ndéantar iad agus cibé duine a dhéanann iad. Bainfidh an tAontas úsáid as na hionstraimí uile atá ar fáil dó, lena n-áirítear córas domhanda smachtbhannaí an Aontais i ndáil le cearta an duine, chun athrú a thabhairt i gcrích agus chun staid chearta an duine ar fud an domhain a fheabhsú.

4. Iarrfaidh an tAontas arís agus arís eile ar gach stát ar fud an domhain feidhmiú cuí na n-**institiúidí daonlathacha** a áirithiú, an smacht reachta, prionsabail an dea-rialachais agus neamhspleáchas na mbreithiúna a urramú agus an tsaoirse ó phionós a chomhrac. Leanfaidh an tAontas de bheith tiomanta rochtain ar cheartas agus leigheas éifeachtach a chur chun cinn d'íospartaigh sáruithe agus treascairtí ar chearta an duine. Chun **cuntasacht** a bhaint amach, iarrfaidh an tAontas imscrúduithe neamhspleácha ar sháruithe ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta, lena n-áirítear iad siúd a d'fhéadfadh a bheith ina gcoireanna idirnáisiúnta, nó tacóidh sé le hiarrataí eile ar na himscrúduithe sin. Leanfaidh an tAontas d'uilíocht Reacht na Róimhe a chur chun cinn le linn chomóradh 25 bliana an Reachta sin agus leanfaidh sé de thacaíocht pholaitiúil agus airgeadais a chur ar fáil don Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta. Leanfaidh sé de bheith tiomanta déantóirí na gcoireanna idirnáisiúnta is tromchúisí a thabhairt os comhair na cúirte i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

5. I mbliana, mar a tharla i mblianta roimhe seo, labhróidh an tAontas amach in aghaidh **sáruithe agus treascairtí ar chearta an duine cibé áit a dtarlaíonn siad, agus measann sé gur fóraim iomchuí iad an Tríú Coiste de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus an Chomhairle um Chearta an Duine chun aghaidh a thabhairt ar na cásanna sin.** Tabharfaidh an tAontas tacaíocht do thionscnaimh ábhartha ar cheart iad a bheith ar chlár oibre na Comhairle um Chearta an Duine nó an Tríú Coiste. Leanfaidh an tAontas de bheith ar thús cadhnaíochta maidir le tionscnaimh i ndáil leis an Afganastáin, an Bhealarúis, an Bhurúin, Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré, an Eiritré, Maenmar/Burma agus an Aetóip, agus leanfaidh sé d'iarrachtaí na hAetóipe ar son an athmhuintearais, na cuntasachta agus an cheartais idirthréimhsigh a mholadh. Coinneoidh sé súil ghéar ar thionscnaimh maidir leis an gCambóid, Poblacht na hAfraice Láir, Poblacht Dhaonlathach an Chongó, an tSeoirsia, lena n-áirítear staid chearta an duine i réigiúin scarúnaíocha na hAbcáise agus na hOiséite Theas sa tSeoirsia, an Iaráin, an Liobáin, Mailí, Nicearagua, an chríoch Phalaistíneach faoi fhorghabháil, an tSomáil, an tSúdáin Theas, Srí Lanca, an tSúdáin, an tSiria, Veiniséala agus ar thionscnaimh thírshonracha eile, de réir mar is iomchuí. Glacfaidh an tAontas páirt ghníomhach in idirphlé idirghníomhach le sealbhóirí sainorduithe nósanna imeachta speisialta agus i ndíospóireachtaí ginearálta chun aird a tharraingt ar chásanna ríthábhachtacha maidir le cearta an duine, lena n-áirítear i gCónaidhm na Rúise agus sa tSín.

6. Leanfaidh an tAontas, go háirithe, de bheith ag cáineadh a láidre is féidir cogadh foghach gan chúis gan údar na Rúise ar an **Úcráin** agus de bheith ag labhairt amach in aghaidh gach sáraithe ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta, lena n-áirítear foréigean gnéasach agus foréigean inscnebhunaithe, a eascraíonn as fogha míleata na Rúise. Misníonn an tAontas agus is díol sásaimh dó na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun cuntasacht iomlán a áirithiú as coireanna cogaidh agus as na coireanna eile is tromchúisí dá bhfuil á ndéanamh i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, lena n-áirítear bealaí chun cuntasacht a áirithiú as coir an fhogha é féin. Cuireann sé chun suntais a thacaíocht d'imscrúduithe Ionchúisitheoir na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta agus athnuachan a bheith déanta ag an gComhairle um Chearta an Duine ar shainordú an Choimisiúin Fiosrúcháin maidir leis an Úcráin. Tathantóidh an tAontas ar an Rúis cloí go hiomlán lena hoibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta, deireadh a chur lena fogha láithreach agus gan choinníoll agus urraim iomlán a thabhairt do cheannasacht, neamhspleáchas agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar údaráis na Bealarúise stop a chur le cumasú chogadh foghach na Rúise. Leanfaidh an tAontas de shúil ghéar a choinneáil ar an staid i gcríocha na hÚcráine a d'ionghabháil Cónaidhm na Rúise go neamhdhleathach, lena n-áirítear Poblacht Fhéinrialaitheach na Crimé agus cathair Sevastopol, agus tacóidh sé le tionscnaimh ábhartha i ndáil leis an méid sin.

7. Tá géarchéim chearta an duine san **Afganastáin** ag dul in olcas, go háirithe maidir le mná, cailíní, daoine ar de mhionlaigh agus de ghrúpaí eitneacha agus reiligiúnacha iad agus daoine LGBTI, daoine dá ndiúltaítear cearta an duine go córasach. Cáineann an tAontas an cinneadh pionós corpartha agus pionós an bháis a thabhairt isteach an athuair, chomh maith leis an gceart chun oideachais a dhiúltú do mhná agus do chailíní na hAfganastáine agus srian dian a chur lena rannpháirtíocht sa saol poiblí agus sa saol sóisialta, lena n-áirítear an cosc atá orthu oibriú le heagraíochtaí neamhrialtasacha. Tacóidh an tAontas le sainordú an Rapóirtéara Speisialta maidir le staid chearta an duine san Afganastáin agus leanfaidh sé de bhéim a leagan ar fhreagracht an Talaban maidir le hurraim do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha a áirithiú. Leanfaidh an tAontas dá thacaíocht a chur in iúl do mhuintir uile **Mhaenmar/Bhurma**, lena n-áirítear muintir Róihinse agus mionlaigh eile, agus iarrfaidh sé go gcuirfí deireadh le gach gníomh foréigin arna dhéanamh ag réimeas míleata Mhaenmar ar fud na tíre, go scaoilfí saor, gan choinníoll agus láithreach, na daoine uile atá á gcoinneáil go treallach, go háirithe mar thoradh ar coup míleata 2021, agus go n-athbhunófaí an próiseas daonlathach le rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí uile. I ndáil leis an méid sin, athdhearbhóidh an tAontas an gá atá le cuntasacht as gach sárú ar chearta an duine sa tír agus leanfaidh sé de thacaíocht a thabhairt don obair a dhéanann an Sásra Imscrúdaitheach Neamhspleách maidir le Maenmar, agus iarrfaidh sé ar gach tír comhoibriú leis an Sásra. Tathantóidh an tAontas ar údaráis **na hIaráine** seasamh le cearta an duine, lena n-áirítear cearta na mban agus na gcailíní, an tsaoirse tuairimíochta agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, an tsaoirse reiligiúin nó creidimh, agus an ceart chun comhthionóil shíochánta. Tathantóidh sé orthu freisin stop a chur leis an gcniogbheartaíocht ar agóidí, gach agóideoir neamhfhoréigneach a scaoileadh saor agus próis chuí a chur ar fáil do na daoine uile atá á gcoinneáil. Athdhearbhóidh an tAontas go gcuireann sé i gcoinne phionós an bháis go haonchiallach, cáinfidh sé na pianbhreitheanna báis a fógraíodh agus a cuireadh i gcrích le déanaí i gcomhthéacs na n-agóidí leanúnacha san Iaráin, agus tathantóidh sé ar rialtas na hIaráine stop a chur leis an gcur chun báis agus comhoibriú go hiomlán leis an Misean Neamhspleách Aimsithe Fíoras arna bhunú ag an gComhairle um Chearta an Duine. Leanfaidh an tAontas d’fhaireachán agus de cháineadh a dhéanamh ar an mbrú faoi chois córasach inmheánach i gcoinne na sochaí sibhialta, chosantóirí chearta an duine, guthanna criticiúla, na meán neamhspleách, chomh maith le daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad, lena n-áirítear daoine a bhaineann le mionlaigh náisiúnta, agus grúpaí eile a ndéantar stiogmatú

orthu i g**Cónaidhm na Rúise** agus sa **Bhealarúis** agus tathantóidh sé ar a n-údaráis cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a urramú. Iarrfaidh an tAontas ar an mBealarúis gach príosúnach polaitiúil a scaoileadh saor agus a athshlánú láithreach agus gan choinníoll. Tathantóidh an tAontas ar an mBealarúis comhoibriú go hiomlán le sásraí faireacháin idirnáisiúnta agus réigiúnacha um chearta an duine. Iarrfaidh an tAontas ar Chónaidhm na Rúise comhoibriú go hiomlán leis na nósanna imeachta speisialta uile a bhaineann le staid chearta an duine i gCónaidhm na Rúise. Athdhearbhóidh an tAontas gur ábhar mhór imní dó í staid chearta an duine sa **tSín**, lena n-áirítear Réigiún Féinrialaithe na Tibéide, Réigiún Féinrialaithe na hIon-Mhongóile, Hong Cong agus Réigiún Féinrialaithe Uigiúrach Xinjiang, agus tagairt á déanamh aige do na moltaí sa tuarascáil neamhspleách ón Ard-Choimisinéir maidir le staid chearta an duine in Xinjiang. Tabharfaidh an tAontas aird ar leith ar theachtadh iomlán chearta an duine agus ar fheidhmiú saoirsí bunúsacha, go háirithe maidir le tuairimí a nochtadh, comhlachas agus comhthionól síochánta, saoirse reiligiúin nó creidimh, chomh maith le cearta na mban agus na gcailíní a chosaint, féiniúlacht chultúrtha a chaomhnú agus deireadh a chur le húsáid saothair éignithe. Thairis sin, leanfaidh sé de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar chásanna aonair ar údar imní iad de chosantóirí chearta an duine. Iarrfaidh an tAontas ar Rialtas na Síne agus ar údaráis Hong Cong lánurraim a thabhairt an athuair don smacht reachta agus do chearta an duine. Iarrfaidh an tAontas go gcuirfí deireadh le sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus le sáruithe agus mí-úsáid chearta an duine a dhéanann na páirtithe uile sa choinbhleacht sa **tSiria**, go háirithe an réimeas agus a chomhghuaillithe, agus athdhearbhaíonn sé gur réiteach polaitiúil cuimsitheach atá bunaithe ar Rún 2254 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an t-aon bhealach amháin chun síocháin inbhuanaithe a bhaint amach. Is díol sásaimh don Aontas an tuarascáil ó Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe ina moltar go mbunófaí comhlacht idirnáisiúnta nua maidir le daoine atá ar iarraidh sa tSiria agus breathnóidh sé ar bhealach dearfach ar thograí chun tacú leis an sásra sin. Ina theannta sin, táthar ag súil go gcloífidh **an Tuirc**, mar thír is iarrthóir ar aontachas leis an Aontas agus mar bhall seanbhunaithe de Chomhairle na hEorpa, lena gealltanais faoi seach.

8. I gcomhthéacs chomóradh 25 bliana an Dearbhaithe maidir le Cosantóirí Chearta an Duine (CCDanna), cuirfidh an tAontas dlús lena iarrachtaí chun tacú le CCDanna agus chun oibriú i ndlúthchomhar i bhfóraim na Náisiún Aontaithe **leis an tsochaí shibhialta agus leis na CCDanna** sa chiall is leithne díobh, lena n-áirítear eagraíochtaí faoi stiúir na mban agus eagraíochtaí faoi stiúir na hóige. Leanfaidh an tAontas de rannpháirtíocht iomlán fhóinteach na sochaí sibhialta a chosaint agus a chur chun cinn i ngach cás d'fhóraim na Náisiún Aontaithe. Cáinfidh an tAontas go láidir aon chineál díoltais i gcoinne CCDanna agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a oibríonn i gcomhar le córas na Náisiún Aontaithe, a fhéachann le hoibriú i gcomhar le córas na Náisiún Aontaithe nó a d'oibirigh i gcomhar leis an gcóras sin. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt d'obair Ard-Rúnaí Cúnta na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine i ndáil leis an méid sin. Beidh an tAontas ina phríomhghníomhaí maidir le timpeallacht shábháilte chumasúcháin a chur chun cinn don tsochaí shibhialta agus do CCDanna, lena n-áirítear iad siúd ar deoraíocht atá gníomhach, agus leanfaidh sé d'aon bhagairtí nó ionsaithe ina gcoinne a cháineadh. Tabharfaidh sé aird ar leith ar bhagairtí atá ag teacht chun cinn i gcoinne CCDanna ar nós faireachas neamhdhleathach ar líne, chomh maith leis an gcur faoi chois trasnáisiúnta. Tabharfaidh an tAontas aird ar leith ar na rioscaí sonracha a dtugann catagóirí áirithe CCDanna aghaidh orthu, ar cosantóirí iad a ndéantar idirdhealú, foréigean agus ciapadh orthu go minic, ar líne agus as líne araon, go háirithe cosantóirí ar mná iad, cosantóirí comhshaoil, talún agus chearta na mbundúchasach, cosantóirí chearta na ndaoine LGBTI, agus iad siúd a chosnaíonn cearta saothair. Cuirfidh an tAontas freisin i gcoinne bearta dlíthiúla agus riaracháin lena laghdaítear an spás sibhialta, ar nós bacainní ar chlárú eagraíochtaí neamhrialtasacha, srianta ar rochtain ar acmhainní, rialacha grinnfhiosrúcháin dochraideacha agus ceanglais throma tuairiscithe. Oibreoidh an tAontas go dlúth le hArd-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine agus faoi Nósanna Imeachta Speisialta chun a áirithiú go n-éistfear le guthanna na sochaí sibhialta agus na CCDanna.

9. Leanfaidh an tAontas den cheart chun **saoirse tuairimíochta agus tuairimí a nochtadh** a chur chun cinn agus a chosaint, ar líne agus as líne araon, **mar aon le saoirse na meán** agus cáinfidh sé ciapadh, bagairtí agus ionsaithe ar iriseoirí, blagálaithe agus oibrithe eile sna meáin. Neartóidh sé an tacaíocht do na meáin iolracha agus neamhspleácha agus meabhrófar dó go bhfuil an fhreagracht ar na stáit chun a áirithiú go bhfuil a reachtaíocht, a mbeartais agus a ngníomhaíochtaí náisiúnta maidir le faisnéis i gcomhréir lena n-oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta um chearta an duine. Leanfaidh an tAontas d'fholáirimh a thabhairt faoin rialú méadaithe atá ag stáit ar an spás ar líne, rud a chosnóidh na próisis dhaonlathacha agus a áiritheoidh cur chuige uile-shochaí atá bunaithe ar chearta an duine maidir le hionramháil eachtrach ar fhaisnéis agus bréagaisnéis a chomhrac go réamhghníomhach. Neartóidh an tAontas freisin a ghníomhaíocht chun tacú leis **an tsaoirse acadúil**. Leanfaidh an tAontas de **shaoirse comhthionóil agus comhlachais** a chosaint agus a chur chun cinn agus d'imeaglú, bagairtí agus foréigean i gcoinne agóideoirí síochánta a cháineadh.

10. Leanfaidh an tAontas de bheith tiomanta do chur chun cinn agus do chosaint an chirt chun **saoirse reiligiúin nó creidimh** do gach duine aonair ar fud an domhain. Cáinfidh sé aon idirdhealú, éadulaingt, foréigean agus géarleanúint bunaithe ar fhorais reiligiúin nó creidimh a dhéanann duine ar bith nó a fhulaingíonn duine ar bith. Cuirfidh an tAontas chun cinn agus cosnóidh sé an ceart atá ag gach duine chun a reiligiún nó chreideamh féin a bheith nó gan a bheith aige nó an creideamh nó reiligiún atá aige a athrú nó a léiriú, agus cáinfidh sé ag an am céanna aon choiriúlú a dhéanfar ar shéanadh creidimh agus aon mhí-úsáid a bhainfear as dlíthe blaisféime. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt don idirphlé idirchreidmheach mar uirlis éifeachtach chun cearta an duine a chur chun cinn. Beidh an tAontas rannpháirteach go gníomhach i sainordú Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le saoirse reiligiúin nó creidimh agus tacóidh sé leis an sainordú sin.

11. Leanfaidh an tAontas de bheith ag cáineadh na húsáide a bhaintear, ar fud an domhain, as **céastóireacht** agus as íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach. Labhróidh an tAontas amach i gcoinne gabhálacha agus coinneálacha treallacha agus tacóidh sé a thuilleadh leis an bhfaireachán neamhspleách ar phríosúin agus ar áiteanna eile ina gceiltear an tsaoirse, le feabhas a chur ar choinníollacha coinneála agus ar an gcaoi a gcaitear le daoine a gceiltear a saoirse orthu, i gcomhréir le hoibleagáidí agus caighdeáin idirnáisiúnta. Iarrfaidh an tAontas an athuair go ndéanfaí Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Céastóireachta agus an Prótacal Roghnach a ghabhann leis a dhaingniú go forleathan agus a chur chun feidhme go héifeachtach. Mar chuid dá iarrachtaí chun deireadh a chur leis an gcéastóireacht ar fud an domhain, leanfaidh an tAontas den Chomhghuaillíocht Dhomhanda ar son Trádáil Gan Chéastóireacht a chur chun cinn agus breithneoidh sé céimeanna breise chun cosc a chur ar thrádáil in earraí a úsáidtear le haghaidh phionós an bháis agus le haghaidh céastóireachta. Leanfaidh an tAontas de bheith ag seasamh go tréan i gcoinne **phionós an bháis** i ngach cúinse agus cuirfidh sé chun cinn an daingniú is leithne den Dara Prótacal Roghnach a ghabhann le ICCPR. Iarrfaidh an tAontas ar na tíortha uile a bhfuil pionós an bháis fós á chur i bhfeidhm acu deireadh a chur leis, nó moratóir a choinneáil nó a thabhairt isteach mar chéad chéim chun deireadh a chur leis. Molfaidh sé do stáit ina bhfuil moratóir i bhfeidhm deireadh a chur le pionós an bháis sa dlí.

12. Leanfaidh an tAontas d'iarraidh ar na stáit uile an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine a urramú agus rochtain neamhchoinníollach gan bhac a thabhairt do na Náisiúin Aontaithe agus do shásraí faireacháin chearta an duine ar a gcríocha. Leanfaidh an tAontas freisin d'iarraidh ar na páirtithe go léir i gcoinbhleachtaí armtha **an dlí daonnúil idirnáisiúnta** a urramú go hiomlán agus rochtain iomlán, shlán, láithreach, gan bhac ar fud na tíre a áirithiú chun cabhair dhaonnúil a thabhairt do na pobail sin atá i ngátar. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tathant ar na páirtithe i gcoinbhleachtaí armtha chun gach beart is gá a dhéanamh chun sibhialtaigh agus réada sibhialtacha a chosaint. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú le cearta an duine a ionchorprú go daingean in iarrachtaí síochána agus slándála na Náisiún Aontaithe. Chun sibhialtaigh a chosaint a thuilleadh agus gníomhaíocht dhaonnúil ar bhonn prionsabal a chur chun cinn, tacóidh an tAontas freisin leis na comhpháirtithe creataí láidre comhlíontachta maidir le cearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta (DDI) a ghlacadh agus a chur chun feidhme.

13. Athdhearbhaíonn an tAontas a thiomantas daingean na **cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha** uile a urramú, a chosaint, a chomhlíonadh agus a chur chun cinn, lena n-áirítear an ceart chun oideachais, bia, uisce agus sláintíochta, sláinte agus an ceart chun tithíocht leormhaith agus obair chuibhiúil a fháil, i measc rudaí eile, agus chun tacú le tionscnaimh ábhartha i ndáil leis an méid sin. Beidh an tAontas rannpháirteach go réamhghníomhach i ndáil leis na cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha ar fud a chuid tionscnamh. Leanfaidh sé d'aird ar leith a thabhairt ar na gnéithe den ghéarchéim slándála bia a bhaineann le cearta an duine. Leanfaidh an tAontas den cheart chun **oideachais** a chur chun cinn, lena n-áirítear oideachas maidir le cearta an duine agus foghlaim ar feadh an tsaoil, an trasnú leis an g**clár oibre digiteach**, cuimsiú sóisialta agus digiteach, comhionannas inscne agus cumhachtú na mban uile, agus neamh-idirdhealú. Leanfaidh an tAontas de ghnéithe de chosaint na hoidhreachta cultúrtha a bhaineann le cearta an duine a chur chun cinn.

14. Cuirfidh an tAontas cearta uilíocha an duine agus saoirsí bunúsacha, an smacht reachta agus prionsabail dhaonlathacha chun cinn go gníomhach sa **spás digiteach**. Cuirfidh an tAontas cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine chun cinn maidir le teicneolaíochtaí digiteacha nua, lena n-áirítear i ndáil leis an intleacht shaorga. Leanfaidh an tAontas de bheith rannpháirteach go gníomhach i bhfóraim de chuid na Náisiún Aontaithe chun aird a tharraingt ar dheiseanna agus ar thionchar na dteicneolaíochtaí digiteacha nua agus na dteicneolaíochtaí digiteacha atá ag teacht chun cinn ar chearta an duine. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair le hOifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine agus le comhpháirtithe eile chun Treochlár Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe um Chomhar Digiteach a chur chun feidhme, lena n-áirítear Oifig an Toscaire Teicneolaíochta, agus maidir leis an gComhshocrú Digiteach Domhanda a fhorbairt. Tacóidh an tAontas le hidirlíon atá oscailte, saor in aisce, idir-inoibritheach, iontaofa agus slán a bhaint amach agus leanfaidh sé d'aird a tharraingt ar thionchar múchta idirlín, cinsireacht ar líne agus faireachas neamhdhleathach ar líne. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh go ndéanfaí an spás sibhialta ar líne a chosaint, chun cosaint sonraí a fheabhsú, agus chun an bhréagaisnéis agus an chibearchoireacht a chomhrac.

15. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú le bearta chun aghaidh a thabhairt ar thionchar **an athraithe aeráide**, **chailliúint na bithéagsúlachta** agus **dhíghrádú an chomhshaoil** ar theachtadh iomlán chearta uile an duine. Cuirfidh an tAontas ról tábhachtach chosantóirí chearta an duine i réimse an chomhshaoil agus daoine dúchasacha chun cinn i ndáil leis an méid sin. Glacfaidh an tAontas páirt ghníomhach sa phlé maidir le ceart an duine chun comhshaoil ghlain, shláintiúil agus inbhuanaithe agus cuirfidh sé an cuimsiú agus an neamh-idirdhealú chun cinn. Beidh an tAontas gníomhach ó thaobh rúin na Náisiún Aontaithe maidir leis an nasc idir cearta an duine agus an aeráid agus an comhshaol, i bhfianaise thoradh COP27 freisin. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an rochtain ar fhaisnéis, an rannpháirtíocht phoiblí sa chinnteoireacht agus an rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil.

16. Athdhearbhóidh an tAontas a sheasamh gur réamhchoinníoll don fhorbairt chuimsitheach agus inbhuanaithe é fíorú iomlán chearta uile an duine. Den mheon sin, leanfaidh an tAontas de rannchuidiú le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe trí chur chuige atá bunaithe ar chearta an duine a chur i bhfeidhm i leith an chomhair um fhorbairt. Leis an gcur chuige sin, atá i gcomhréir le comhsheasamh an Aontais i dtaca leis an ábhar, rannchuidítear leis an g**ceart chun forbartha** mar atá fréamhaithe i gcineál uilíoch, dodhealaithe, idirghaolmhar, idirspleách chearta uile an duine, ar cearta iad a threisíonn a chéile, ina bhfuil daoine aonair ina ngníomhaithe lárnacha, ina dtiománaithe agus ina dtairbhithe sa phróiseas forbartha. I ndáil leis an bpróiseas chun ionstraim atá ceangailteach ó thaobh dlí a dhréachtú maidir leis an gceart chun forbartha, glacfaidh an tAontas páirt ar bhealach cuiditheach gan dochar dá sheasamh deiridh chun go mbeidh an dréachtchoinbhinsiún athbhreithnithe maidir leis an gceart chun forbartha ag teacht go hiomlán leis na noirm idirnáisiúnta i ndáil le chearta an duine.

17. Déanfaidh an tAontas iarrachtaí idirnáisiúnta a chur chun cinn go fuinniúil agus iad a uas-scálú ar son an **chomhionannais inscne,** ar son chearta uile an duine a chur chun cinn agus a bheith á lánteachtadh ag mná agus cailíní agus ar mhaithe lena gcumhachtú, i gcomhréir lena ghealltanais idirnáisiúnta, lena n-áirítear trí chomhionannas inscne a phríomhshruthú i gcomhthéacsanna tíre agus téamacha. Leanfaidh an tAontas de chomhtháthú ghné na hinscne a chur chun cinn i dtionscnaimh shíochána agus shlándála, lena n-áirítear trí Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil agus rúin ina dhiaidh sin a chur chun feidhme. Bainfidh an tAontas leas as gach uile ócáid sna fóraim ábhartha uile chun na gealltanais sin a athdhearbhú agus a chomhlíonadh, lena n-áirítear sa Choimisiún um Stádas na mBan agus sa Choimisiún maidir le Daonra agus Forbairt agus cuireann sé i bhfios go láidir gur gá cur chuige uaillmhianach claochlaitheach chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna agus tosca riosca an neamhionannais inscne, an idirdhealaithe agus an fhoréigin i gcoinne na mban agus cailíní. Leanfaidh an tAontas de chosc agus díothú gach cineáil **foréigin ghnéasaigh agus inscnebhunaithe** ar líne agus as líne araon, lena n-áirítear foréigean baile agus páirtí dlúthchaidrimh, pósadh leanaí, luathphósadh agus pósadh éigeantais, ciorrú ball giniúna ban agus cleachtais dhíobhálacha eile in aghaidh na mban agus na gcailíní, a chur i gcroílár a chuid iarrachtaí, agus cuirfidh sé iarrachtaí na sochaí uile chun cinn chun go mbeidh fir agus buachaillí rannpháirteach mar chomhghuaillithe agus tairbhithe le haghaidh an chomhionannais inscne maidir le deireadh a chur le foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe, deireadh a chur le gach neamhionannas inscne, aghaidh a thabhairt ar dhlíthe agus ar noirm shóisialta idirdhealaitheacha agus steiréitíopaí inscne a chomhrac. Meabhraítear don Chomhairle a tiomantas tacú le rannpháirtíocht chomhionann iomlán éifeachtach fhóinteach a bheith ag mná agus an óige, ina n-éagsúlacht uile, lena n-áirítear i ngach réimse den saol poiblí agus polaitiúil, i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2020-2024.

18. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí cearta uile an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhall, Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus Clár Oibre na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt a chur chun feidhme go héifeachtach agus go hiomlán, mar aon le pé toradh a bheidh ar a gcuid comhdhálacha athbhreithniúcháin, agus sa chomhthéacs sin, leanann an tAontas de bheith tiomanta do shláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe agus na cearta a bhaineann leo. Á choimeád sin i gcuimhne dó, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil a thiomantas do chur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh cheart gach duine chun smacht iomlán a bheith acu ar ábhair a bhaineann lena ngnéasacht agus lena sláinte gnéis agus atáirgthe, saor ó idirdhealú, ó chomhéigean agus ó fhoréigean, agus chun cinneadh a dhéanamh gan bhac agus ar bhealach freagrach ina leith sin. An athuair, cuireann an tAontas i bhfios go láidir a riachtanaí atá an rochtain uilíoch ar fhaisnéis ardcháilíochta, inacmhainne, chuimsitheach i leith na sláinte gnéis agus atáirgthe agus i leith an oideachais, lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéasachta, agus seirbhísí cúraim sláinte.

19. Leanfaidh an tAontas de sheasamh go daingean i gcoinne gach cineáil **idirdhealaithe**, agus de dhlús a chur leis an ngníomhú ina choinne, agus aird ar leith á tabhairt ar fhoirmeacha iolracha trasnacha idirdhealaithe, lena n-áirítear idirdhealú bunaithe ar ghnéas, cine, bunadh eitneach nó sóisialta, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, míchumas, aois, gnéaschlaonadh agus féiniúlacht inscne. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta don chomhionannas agus don neamh-idirdhealú agus do theidlíocht gach duine réimse iomlán chearta an duine agus saoirsí bunúsacha a theachtadh, agus do rannpháirtíocht, *inter alia*, na hóige, na gcailíní agus na mban, daoine faoi mhíchumas agus daoine LGBTI, agus do chosaint dóibh siúd atá faoi mhíbhuntáiste, leochaileach agus imeallaithe, lena n-áirítear leanaí. Glacfaidh an tAontas páirt chuiditheach chomhsheasmhach i sainorduithe de chuid na Náisiún Aontaithe atá dírithe ar an bhforéigean agus ar gach cineál idirdhealaithe a chomhrac agus leanfaidh sé de thacaíocht láidir a thabhairt d’obair na Náisiún Aontaithe chuige sin.

20. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht láidir a thabhairt do c**hearta an linbh**. Leanfaidh an tiomantas sin de bheith ina phríomhghné dá iarrachtaí gach cineál foréigin in aghaidh leanaí a chosc, chomh maith le rochtain uilíoch ar an oideachas a chur chun cinn, agus aird ar leith á tabhairt ar an rochtain atá ag cailíní ar an oideachas. Leanfaidh an tAontas d'aird ar leith a thabhairt orthu siúd atá i staideanna coinbhleachta agus iarchoinbhleachta agus atá faoi mhíbhuntáiste, leochaileach agus imeallaithe, lena n-áirítear leanaí dúchasacha agus leanaí ar de mhionlaigh iad, lena n-áirítear mionlaigh náisiúnta agus eitneacha, chomh maith le leanaí faoi mhíchumas. Tacóidh an tAontas go hiomlán le sainorduithe Ionadaithe Speisialta an Ard-Rúnaí maidir le leanaí agus coinbhleacht armtha agus foréigean in aghaidh leanaí agus comhoibreoidh sé go gníomhach leo. Chun a ráthú gur féidir le leanaí taithí dhearfach agus shábháilte a bheith acu ar líne agus go gcosnófar iad ó ghuaiseacha, tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar fhoréigean in aghaidh leanaí ar líne, gach cineál dúshaothraithe agus mí-úsáide, cibearbhulaíocht, agus nochtadh d'ábhar díobhálach. Iarrfaidh an tAontas ar na comhpháirtithe uile, nach ndearna amhlaidh go fóill, an Coinbhinsiún um Chearta an Linbh a dhaingniú agus daingniú agus cur chun feidhme na bprótacal roghnach a ghabhann leis a spreagadh agus tacú lena ndaingniú agus a gcur chun feidhme.

21. Cuirfidh an tAontas dlús le gníomhaíocht chun a áirithiú **go mbainfidh daoine scothaosta leas iomlán as cearta uile an duine**, chun cúram fadtéarmach a neartú, chun aghaidh a thabhairt ar cháilíocht, inrochtaineacht agus inacmhainneacht an chúraim sin agus chun tacú leis na hiarrachtaí chun dul i ngleic le hidirdhealú bunaithe ar aois agus leis an aoiseachas chun saol faoi dhínit agus dea-bhail daoine scothaosta, cothroime shóisialta agus dlúthpháirtíocht idirghlúine a áirithiú. I ndáil leis an méid sin, rachaidh an tAontas i dteagmháil go gníomhach le Meitheal Neamhiata na Náisiún Aontaithe um Aosú.

22. Tá sé ríthábhachtach cearta daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad a chosaint. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar gach stát cearta daonna na ndaoine sin ar de **mhionlaigh** iad a urramú, a chosaint agus a chomhall, mar a leagtar amach i nDearbhú chearta na ndaoine ar de Mhionlaigh Náisiúnta nó Eitneacha, Reiligiúnacha agus Teanga iad. Cuirfidh an tAontas chun cinn a gceart chun páirt éifeachtach a ghlacadh sa saol cultúrtha, reiligiúnach, sóisialta, eacnamaíoch agus poiblí. Cuirfidh an tAontas i gcoinne gach cineál gríosaithe chun foréigin nó fuatha agus cuirfidh sé i gcoinne na fuathchainte, bíodh sin ar líne nó as líne, agus, ag an am céanna, caomhnóidh sé an ceart chun saoirse tuairimíochta agus saoirse tuairimí a nochtadh a theachtadh ina n-iomláine. Ina theannta sin, leanfaidh an tAontas d'aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad i gcás nach bhfuil rochtain ar bith nó nach bhfuil ach rochtain theoranta ag a n-ionadaithe féin ar dheiseanna chun labhairt faoi na saincheisteanna sin, lena n-áirítear ag an gComhairle um Chearta an Duine agus ag fóraim ábhartha eile.

23. Leanfaidh an tAontas de chearta na **bpobal dúchasach** mar a leagtar amach i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach iad agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine a chur chun cinn, agus i ndáil leis sin glacfaidh sé páirt ghníomhach i ngach fóram ábhartha ina ndéantar plé ar chearta na bpobal dúchasach. Leanfaidh an tAontas de bheith rannpháirteach go gníomhach sna hiarrachtaí uile chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht iomlán éifeachtach fhónta ionadaithe agus institiúidí na bpobal dúchasach i gcomhlachtaí ábhartha na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear sa Chomhairle um Chearta an Duine maidir le saincheisteanna a dhéanann difear dóibh. Cuirfidh an tAontas i dtreis a thábhachtaí atá sé cosantóirí dúchasacha chearta an duine a chosaint agus a áirithiú go mbeidh siad in ann cearta an duine a chur chun cinn gan eagla roimh bhearta díoltais. Déanfaidh an tAontas rannpháirtíocht agus ceannaireacht iomlán éifeachtach fhóinteach na mban dúchasach a chur chun cinn. Leagfaidh an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé rochtain ar oideachas a chur ar fáil do leanaí dúchasacha ina dteanga agus ina gcultúr féin.

24. Déanfaidh an tAontas iarrachtaí breise chun páirt chuiditheach a ghlacadh sna tionscnaimh uile a bhaineann leis an **gciníochas**, an t-idirdhealú ciníoch, an tseineafóibe agus aon éadulaingt ghaolmhar a chomhrac ar fud an domhain, agus aird á tabhairt ag an am céanna ar a sheasamh seanbhunaithe gur gá daingniú uilechoiteann agus cur chun feidhme iomlán éifeachtach an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe Chiníoch a Dhíothú a áirithiú, agus gur gá Dearbhú Durban agus Clár Gníomhaíochta Durban a chur chun feidhme agus na sásraí leantacha a ghabhann leis a réasúnú agus a chuíchóiriú i gcás inar gá.

25. Cuirfidh an tAontas dlús leis na gníomhaíochtaí chun seasamh le dlí agus le prionsabail idirnáisiúnta chearta an duine, agus leis an dlí idirnáisiúnta daonnúil agus an dlí idirnáisiúnta um dhídeanaithe sa mhéid a bhaineann le **dídeanaithe, daoine easáitithe ina dtír féin agus imircigh,** agus aird ar leith á tabhairt ar leanaí, ar dhaoine scothaosta, ar mhná agus ar dhaoine eile atá i staid leochaileach. Leanfaidh an tAontas de dheiseanna a chur ar fáil le haghaidh conairí dlíthiúla imirce agus na hinniúlachtaí náisiúnta á n-urramú go hiomlán ag an am céanna, agus leanfaidh sé de bheith ag iarraidh ar gach stát an gháinneáil ar dhaoine agus smuigleáil daoine a chosc, íospartaigh na gáinneála agus na smuigleála a chosaint agus cur chuige inscne-fhreagrúil agus íogair ó thaobh leanaí de a choinneáil, agus ionchúiseamh éifeachtach a áirithiú do dhéantóirí na coire. Leanfaidh an tAontas den ionstraimiú státurraithe atá á dhéanamh ar dhídeanaithe agus ar imircigh ag tríú tíortha chun críoch polaitiúil a cháineadh go géar, agus oibreoidh sé chun gníomhaíochtaí den sórt sin a chomhrac, agus cearta an duine agus an dlí idirnáisiúnta á n-urramú go hiomlán i gcónaí.

26. Is bagairt thromchúiseach ar an tsíocháin agus an tslándáil iad an **sceimhlitheoireacht**, an antoisceachas foréigneach agus an choireacht eagraithe. Iarrann an tAontas ar gach stát a áirithiú go mbeidh aon fhreagairt ar choireanna sceimhlitheoireachta agus ar an gcoireacht eagraithe ag teacht go hiomlán leis an dlí idirnáisiúnta, go háirithe an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an dlí idirnáisiúnta um dhídeanaithe. Áirítear sa chomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta cásanna sceimhlitheoireachta a imscrúdú agus a ionchúiseamh go leordhóthanach agus lánurraim á tabhairt do chearta an duine agus don smacht reachta, agus íospartaigh á gcur i gcroílár na gníomhaíochta agus a áirithiú go ndéantar cearta na n-íospartach a chosaint agus a chur chun cinn. Tacóidh an tAontas le rannpháirtíocht ghníomhach fhóinteach na mban a chur chun cinn i gcónaí sna hiarrachtaí coisc agus i gcomhrac na sceimhlitheoireachta.

27. Leanfaidh an tAontas den chomhar le hOifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine (OHCHR) agus le Meitheal na Náisiún Aontaithe maidir le **Gnó agus Cearta an Duine**, chun cur chun feidhme Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine a chur chun cinn ar fud an domhain. Leanfaidh sé de thacú le glacadh Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta agus de chreat cuimsitheach de chuid an Aontais a fhorbairt chun Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, agus Treochlár na Náisiún Aontaithe maidir le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe á ghlacadh mar thagairt do chúrsaí gnó agus cearta an duine sa deacáid seo romhainn. Neartóidh an tAontas a rannpháirtíocht i bhfóraim na Náisiún Aontaithe agus glacfaidh sé páirt ghníomhach i bpléití na Náisiún Aontaithe maidir le hionstraim atá ceangailteach ó thaobh dlí i ndáil le gnó agus cearta an duine, agus tá sé réidh chun oibriú le Cathaoirleach na Meithle Idir-rialtasaí Neamhiata agus le Cairde an Chathaoirligh, chomh maith le comhpháirtithe eile, chun féachaint ar bhealaí chun ionstraim atá bunaithe ar chomhthoil a bhunú lena bhféadfar cosaint íospartach a fheabhsú go héifeachtach agus cothrom na Féinne a chruthú ar fud an domhain.